


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na hEolaíochta UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Lárionad um Chibearshlándáil agus Imscrúdú Cibearchoireachta UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:** | Cibearanailísí |
| **Tréimhse an Phoist:** | Post Sealadach 5 bliana |
| **Grád:** | AO1A |
| **Scála Tuarastail** | €72,750 - €85,012 in aghaidh na bliana |
| **Cnuasach poist agus Leibhéal Gairme:** | Teicneolaíocht Faisnéise– Leibhéal Gairme 5 |
| **Uimh. Thagartha um Jabmheastóireacht:** | 2017/023 |
| **Freagrach do:** | Foireann Bainistíochta Clár CCI |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais Uimhir:** | 019869 |
| **Riarthóir AD:** | Natalia McDonagh |
| **Iarratais agus Dáta Deiridh** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre** | Níl |

## Achoimre ar an bPost:

Ó 2006 i leith, tá tacaíocht theicniúil, oibriúcháin agus straitéiseach á cur ar fáil ag Lárionad um Chibearshlándáil agus Imscrúdú Cibearchoireachta UCD (UCD CCI) do raon leathan grúpaí páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta san earnáil seirbhísí airgeadais; rialtas náisiúnta, agus an pobal forfheidhmithe dlí domhanda. Is é a bhainfidh leis an ról a bheidh ag an gCibearanailísí ná saineolas a sholáthar ar fud na réimsí tacaíochta go léir a mbeidh ardleibhéal inniúlachta ag teastáil uathu sna réimsí seo a leanas:

**Teicniúil**
Ba cheart go mbeadh leibhéal ard eolais theicniúil a bhaineann le réimsí inar dócha go mbeidh an chibearchoireacht agus an chibearshlándáil ina bpríomhdhúshláin ag sealbhóir an phoist. Mar shampla, beidh eolas maith ar an bhfóiréinsic dhigiteach; imscrúduithe idirlín; imscrúduithe líonra agus ríomhchlárú d'imscrúdaitheoirí uathu. Chomh maith le heolas teicniúil bunúsach, ba cheart go mbeadh saineolas níos doimhne acu i réimse/réimsí sonracha eolais, amhail anailís bogearraí mailíseacha, ailtireacht agus imscrúduithe líonraí cumarsáide/fiontair, innealtóireacht bogearraí, freagairt ar theagmhais, bailiú faisnéise foinse oscailte, etc.

**Oibríochtúil**
Beifear ag súil go gcuirfidh sealbhóir an phoist le cibearoibríochtaí beo agus ionsamhlaithe agus go mbeidh siad rannpháirteach iontu. Agus iad ag obair le grúpaí páirtithe leasmhara seachtracha, beifear ag súil go ndéanfaidh siad cibearchleachtaí a fhorbairt agus a sheachadadh mar dheiseanna forbartha foirne, agus go mbeidh siad rannpháirteach freisin i gcleachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá deartha chun athléimneacht agus nósanna imeachta práinnfhreagartha a thástáil in ionsaithe ar bhonneagair ríthábhachtacha náisiúnta. Beifear ag súil freisin go mbeidh siad rannpháirteach in oibríochtaí beo a chomhordaíonn páirtithe leasmhara slándála, agus é mar chuspóir acu cabhrú le deireadh a chur le gníomhaíocht choiriúil ar líne agus cúiseanna a lua leis an ngníomhaíocht sin. Beifear ag súil go mbeidh tuiscint mhaith ag sealbhóir an phoist ar an timpeallacht oibriúcháin agus go mbeidh léirthuiscint acu ar ról an rannpháirtí neamh-fhorfheidhmithe dlí in oibríochtaí beo, go háirithe maidir leis an dlí, cosaint sonraí agus rúndacht.

**Straitéiseach**
Beidh tuiscint dhaingean ag teastáil ó shealbhóir an phoist ar na hidirghníomhaíochtaí, na caidrimh agus na líonraí idir earnálacha na bpáirtithe leasmhara. Ceanglófar orthu anailís a dhéanamh ar aschuir imscrúdaithe, oibríochtúla agus taighde chun tuarascálacha comhleanúnacha agus comhtháite a tháirgeadh a bheidh mar bhonn eolais agus mar bhonn le cibearbheartas an rialtais agus a thacóidh le hearnáil na seirbhísí airgeadais chun cibearstraitéisí

éifeachtacha a sholáthar do ghnó. Oibreoidh siad go dlúth freisin le LEAnna Eorpacha ar thaighde ar chibearbhagairtí, agus iad ag seachadadh réitigh éifeachtacha agus torthaí nithiúla i bhfoirm moltaí dea-chleachtais, bogearraí, crua-earraí agus cláir oiliúna.